Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**15357/2/24**
**REV 2**

**CO EUR-PREP 31**
**POLGEN 136**
**ECOFIN 1269**
**EMPL 554**
**SOC 815**
**COMPET 1083**
**MI 910**
**ENV 1093**
**IND 506**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2025<br>- Treochlár nuashonraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an treochlár don Seimeastar Eorpach, mar a d'ullmhaigh an uachtaránacht é.

D'ullmhaigh an uachtaránacht an treochlár seo chun príomhchéimeanna thimthriall Sheimeastar Eorpach 2025 a leagan amach.

Is é is cuspóir don treochlár a áirithiú go n-oibreoidh foirmíochtaí ábhartha uile na Comhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach comhordaithe comhsheasmhach chun díospóireachtaí na Comhairle Eorpaí maidir leis an Seimeastar Eorpach a ullmhú go críochnúil, agus chun a chur ar chumas Coreper agus na Comhairle Gnóthaí Ginearálta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

## AN CHÉAD CHÉIM

### An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta

**An 8 Deireadh Fómhair 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2024: Ceachtanna a foghlaimíodh – *seisiún tuairimíochta*

**An 15 Deireadh Fómhair 2024**

– A ndréachtphleananna buiséadacha tíolactha ag Ballstáit an limistéir Euro

**An 15 Deireadh Fómhair 2024**

– Pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a thíolacadh

**An 21 Deireadh Fómhair 2024: An Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh**

– Príomhdhúshláin Fostaíochta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta – formhuiniú

– Príomhdhúshláin Shóisialta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta – *formhuiniú*

**An 26 Samhain 2024: Pacáiste an Fhómhair don Seimeastar Eorpach**

– Cur i láthair ón gCoimisiún:

  – Teachtaireacht agus Tuairimí maidir le Dréachtphleananna Buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro

  – Measúnú ar phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, chomh maith le Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle lena socraítear na conairí glanchaiteachais agus, de réir mar is infheidhme, lena bhformhuinítear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh féideartha ar an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh atá sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, agus/nó na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a cheartú, de bhun Rialachán (AE) 2024/1263

  – An nós imeachta um easnamh iomarcach: Tuarascáil de bhun Airteagal 126(3) CFAE

  – Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle arna ndíriú ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach chun deireadh a chur leis an staid sin laistigh de thréimhse áirithe, de bhun Airteagal 126(7) CFAE

**Nollaig 2024 – Eanáir 2025**

– Ullmhaíonn an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i bhformáid an Ghrúpa Euro agus Meitheal an Ghrúpa Euro (Comhaltaí Malartacha) an dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, lena n-áirítear an rannchuidiú comhpháirteach ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta lena gcumhdaítear gnéithe fostaíochta agus sóisialta

– Ullmhaíonn an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus a fhochoistí na Moltaí ón gComhairle lena socraítear na conairí glanchaiteachais agus lena bhformhuinítear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh féideartha a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh atá sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, lena n-áirítear an rannchuidiú comhpháirteach lena gcumhdaítear gnéithe fostaíochta agus sóisialta ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus/nó leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a cheartú, de bhun Rialachán (AE) 2024/1263

– Ullmhóidh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus a fhochoistí moltaí ón gComhairle arna ndíriú chuig na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach chun deireadh a chur leis an staid sin laistigh de thréimhse áirithe, de bhun Airteagal 126(7) CFAE

**An 2 Nollaig 2024: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2025: Tosaíochtaí san fhostaíocht agus sa bheartas sóisialta – *díospóireacht bheartais*

  – Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát – *glacadh*

  – Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024 – *cur i láthair ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta*

  – Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme an Mholta maidir le cuntais foghlama aonair: Príomhtheachtaireachtaí – *formhuiniú*

**An 9 Nollaig 2024: an Grúpa Euro**

– Measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro agus ar staid bhuiséadach agus ionchais bhuiséadacha an limistéir euro – *ráiteas ón nGrúpa Euro*

**An 10 Nollaig 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch

  – Pleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha: Moltaí ón gComhairle; agus Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach – *cur i láthair ón gCoimisiún agus seisiún tuairimíochta*

**An 17 Nollaig 2024: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Seimeastar Eorpach 2025 – Treochlár – *cur i láthair ón Uachtaránacht agus ón Uachtaránacht inteachta*

**An 18 Nollaig 2024: Pacáiste an Fhómhair don Seimeastar Eorpach**

– Cur i láthair ón gCoimisiún:

  – Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro do 2025 agus Togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht

**An 20 Eanáir 2025: an Grúpa Euro**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *cur i láthair ón gCoimisiún agus réamhsheisiún tuairimíochta*

**An 21 Eanáir 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2025: Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, agus moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *cur i láthair ón gCoimisiún agus seisiún tuairimíochta*

– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch

  – Pleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha: Moltaí ón gComhairle - *glacadh*

  – Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach – *glacadh*

**An 17-18 Feabhra 2025 - Parlaimint na hEorpa: Seachtain Pharlaiminteach Sheimeastar Eorpach 2025**

– Díospóireacht idir comhaltaí na gcoistí ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus na bparlaimintí náisiúnta

**An 17 Feabhra 2025: an Grúpa Euro**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – rialacha cuntasaíochta an Aontais do 2025 - *plé*

**An 18 Feabhra 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2025

  – Conclúidí i ndáil le Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh – *formheas*

  – Moltaí 2025 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formheas*

– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch

  – Pleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha: Moltaí ón gComhairle - *glacadh*

  – Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach – *glacadh*

**An 10 Márta 2025: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sóisialta)**

– Seimeastar Eorpach 2025 – *díospóireacht bheartais*

– Gnéithe fostaíochta agus sóisialta de dhréachtmholadh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formheas*

– Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht – *glacadh*

– Conclúidí maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht - *formheas*

– Pleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha: Litir ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta — *cur i láthair ó na cathaoirligh faoi seach*

**An 11 Márta 2025: Suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa**

– Díospóireacht chomhpháirteach maidir leis an Seimeastar Eorpach

**An 18 Márta 2025: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta:

  – Seimeastar Eorpach 2025: Tuarascáil sintéise - *seisiún tuairimíochta*

  – Seimeastar Eorpach 2025: - Treochlár nuashonraithe - *cur i láthair ón gCoimisiún*

  – Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *tarchur chuig an gComhairle Eorpach*

**An 20-21 Márta 2025: an Chomhairle Eorpach**

– Seisiún tuairimíochta maidir le staid eacnamaíoch agus fostaíochta na mBallstát

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro — *formhuiniú*

## AN DARA CÉIM

### An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh

**An 11 Aibreán 2025**

– Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir le gnéithe an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta — *arna fhoilsiú ag an gCoimisiún*

**Roimh an 30 Aibreán 2025**

Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn á gcur isteach ag na Ballstáit

**An 13 Bealtaine 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro — *glacadh*

**An 4 Meitheamh 2025: Pacáiste an Earraigh don Seimeastar Eorpach**

– Foilseachán ón gCoimisiún:

  – Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle (moltaí tírshonracha); tuarascálacha tíre; Teachtaireacht ón gCoimisiún; measúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach faoin nós imeachta um easnamh iomarcach; agus staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na Moltaí ón gComhairle

  – Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát

  – An nós imeachta um easnamh iomarcach: Tuarascáil de bhun Airteagal 126(3) CFAE

  – Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis: Tograí le haghaidh Cinntí/Moltaí ón gComhairle le haghaidh Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach

**Meitheamh - Iúil 2025**

– Oibríonn an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta ar na moltaí tírshonracha do 2025

  – nóta cothrománach a ullmhú maidir leis na moltaí tírshonracha

– Obair an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus a fhochoistí ar Chinntí/Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach

**An 19 Meitheamh 2025: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2025

  – Ó Phrionsabail go Dul Chun Cinn: Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an chéad straitéis i gcoinne na bochtaineachta - *díospóireacht beartais*

  – Pacáiste an Earraigh — *cur i láthair ón gCoimisiún*

  – Nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha - *formheas*

  – Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2025 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2024: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta – *formhuiniú*

  – Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát - *formheas*

**An 20 Meitheamh 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2025

  – Pacáiste an Earraigh – *cur i láthair ón gCoimisiún agus díospóireacht beartais*

  – Nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha - *formheas*

– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch

  – Pleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha: Moltaí ón gComhairle - *glacadh*

  – Cinntí / Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach – *glacadh*

**An 24 Meitheamh 2025: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do chruinniú mhí an Mheithimh den Chomhairle Eorpach

  – Seimeastar Eorpach 2025: Nóta cothrománach maidir leis na moltaí tírshonracha comhtháite: - *formheas agus tarchur chuig an Chomhairle Eorpach*

**An 26-27 Meitheamh 2025: an Chomhairle Eorpach**

– Conclúidí

  – Seimeastar Eorpach 2025: nóta cothrománach maidir leis na moltaí tírshonracha comhtháite – *plé ar chonclúid*

**An 8 Iúil 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2025

  – Moltaí tírshonracha comhtháite – *glacadh*

  – Conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe faoin Nós imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha - *formheas*

– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch

  – Pleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha: Moltaí ón gComhairle - *glacadh*

  – Clásail éalaithe náisiúnta: Moltaí ón gComhairle - *glacadh*

  – Cinntí / Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach – *glacadh*